



# Ealaín na Gaeltachta



## Aibreán 2007

Eisithe ag Ealaín na Gaeltachta Teo,
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.
(091) 503 220 ealain@udaras.ie

ealaín
EALAÍN NA GAELTACHTA TEORANTA

# Féile Scannán Muirí Oileán Thoraí 2007



Beidh Féile Scannán Muirí Oileán Thoraigh ar siúl idir an Déardaoin 5-Luan 9 Iúil ar Oileán Thoraigh, Co. Dhún na nGall. Is é téama féile 2007 ná **Oileáin & Oileánaigh**. Den chéad uair ariamh, cuireann Féile Scannáin Muirí Oileán Thoraigh i láthair cnuasach cuimsitheach de scannáin faoi oiléain na hÉireann ag dul siar leathchéad bliain.

Beidh na scannáin seo le feiceáil ar an Aoine, 6 Iúil. I measc na scannán Gaeilge a bheas á dtaispeáint beidh: **Fear na nOileán**, scannán faisnéise faoin Athair Diarmuid Ó Péicín agus pobal Oileán Thoraí agus a dtroid ar son a gceart; **Deireadh an Áil**, scannán le Breandán Feiritear faoin nglúin deiridh de bhunadh an Bhlascaoid Mhóir; **Talamh Pheadair**, scannán faoi sheanfhear ar Inis Meáin agus a ghaol leis an talamh agus scannán le Bob Quinn. Scannáin le feiceáil faoi Oileáin Árann na Gaillimhe, Inis Gé, Cliara, Árainn Mhór, Reachlainn, Inis Muiríigh, Gabhla, Inis Bó Finne. Ar an Satharn 7 Iúil beidh scannáin as oileáin na hAlban.



Ar an Domhnach, 8 Iúil cuirfidh dream as Féile Idirnáisiúnta **Festival de Film de Groix** as Briotáin na Fraince rogha galánta de scannáin as an Bhriotáin i láthair. Ar an Luan beidh réimse scannán faoi oileáin éagsúla ar fud an domhain le feiceáil. Beidh fotheidil nó córas aistriúcháin ar fáil do na scannáin uilig. Beidh ceardlanna, cainteanna ó dhéantóirí na scannán agus beidh baill de phobail oileánda as na hoileáin éagsúla i láthair.

Buíochas le hurraithe na féile: An Chomhairle Ealaíon, Fáilte Éireann, Ealaín na Gaeltachta, TG4, RnaG, BIM, Foras na Gaeilge agus Comhairle Contae Dhún na nGall.

Tá clár na scannán (a bhfuiltear ag cur leis go rialta), eolas taistil, eolas lóistin, foirm chlárúcháin agus tuilleadh le fáil ag: **www.feilemuirithoraigh.com** nó ríomhphost: **info@lughfilm.com** nó thig leat glaoch orainn ag **074 9100905/9180786**.

# *Oiliúint 'Keeping Safe' d'ealaíontóirí*

Mar is eol daoibh, de réir na gcoinníollacha nua a bhaineann le tairiscintí maoinithe na Comhairle Ealaíon agus Ealaín na Gaeltachta, ní mór d'eagraíochtaí atá ag seachadadh clár nua do leanaí agus do dhaoine óga beartais agus nósanna imeachta cuí a bheith i bhfeidhm acu.

Tacaíonn a leithéid leis an bhfoireann ar an láthair oibre, túsáite a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga. Is mian le hEalaín na Gaeltachta cabhrú le heagraíochtaí ealaíne beartais agus gnásanna a cheapadh maidir le gníomhaíochtaí ealaíne do leanaí agus daoine óga.

Beidh Ealaín na Gaeltachta ag soláthar oiliúna d'ealaíontóirí /áisitheoirí ealaíne sa Ghaeltacht leis an deá-chleachtas riachtanach seo a chur i bhfeidhm. Dhá lá traenála atá i gceist agus beidh teastas le bronnadh ar gach ealaíontóir ina dhiaidh.

Tá an traeneáil seo saor in aisce agus tá fáilte roimh ealaíontóirí sna réimsí ealaíon ar fad a bhíonn agus a bheas i mbun imeachtaí ealaíne leis an óige.

**Baile Bhuirne**: 8 & 9 Meitheamh
**Gaillimh**: 14 & 15 Meitheamh
**Tír Chonaill**: Meitheamh
Ionaid le cinntiú.

Tuilleadh eolais ach glaoch ar an Áisitheoir Ealaín i do cheantar.

Sonraí le fáil ar **www.ealaín.ie**

# Sean-nós

Is tionscnamh nuálach, illmheánach, cruthaitheach é Sean-Nós Nua a bhfuil údaraithe agus léirithe ag Ceardlann na gCroisbhealach, Fál Carrach. Tháinig tús leis an aisling i 2006 le dul i gceann ar an bhféidearthacht nach bhfuil deiseanna ag déagóirí Thoraigh an cultúr comhaimseartha a bhlaiseadh, agus chun staidéar a dhéanamh ar chultúr na mac léinn chun gnéithe sainiúla, dúchasacha a aimsiú. Tá triúr deagóirí ó Scoil Cholmcille Thoraigh páirteach sa tionscnamh. Dearadh an tionscnamh chun eolas a thabhairt do na daoine óga seo ar eilimintí dá gcultúir dhúchasaigh.

Ó Mheán Fómhair 2006, tugadh oiliúint phraiticiúil san ealaín uair sa tseachtain ar an oileán; bonnteoiricí, dath srl. do na mic léinn chomh maith le gearreolas ar stair na healaíne ó am na hImpriseanachais go dtí an lá inniu agus taithí ar chleachtas ealaíne comhaimseartha an lae inniu. Chomh maith leis sin tugadh ar cuairt iad chuig Dánlann IMMA agus Gailearaí Hugh Lane i mBaile Átha Cliath. Seo an chéad deis a fuair na deagóirí taithí a fháil ar ealaíon nuálach. Is léir gur thug an turas seo tuiscint do na mic léinn ar ealaíon: nach suíonn sí i gcónaí i bhfráma nó ar bhallaí bána.

Le tús a chur le páirt a dó den tionscnamh tugadh cuairt ar an Nerve Centre i nDoire chun gnéithe den nuatheicneolaíocht a thaispeáint do na mic léinn. Le tacaíocht ón Nerve Centre, Doire, tá páirt a dó den tionscnamh faoi lán seoil anois. Tá déagóirí Thoraigh i láthair na huaire, ag freastal ar sheisiúin oiliúna ar an oileán. Tá siad seo a leanas i measc na scileanna atá á bhfoghlaim acu: scileanna 'Garageband', scileanna taifeadta láithreáin, scileanna ceamara, ag cur scéil ar chlár, scríbhneoireacht scripte,

# Nua

radhairc, scileanna taifeadta, 'Pro-tools' &rl.

Tá taifeadadh radharc agus fuaime á bhailiú ag na mic léinn ó mhuintir an Oileáin i gcomhair eagarthóireachta proifisiúnta. Lena chois sin tá scriptscríobh agus cur isteach na bhfotheidil Bhéarla le cur leis an scannánaíocht.

Beidh deireadh á chur leis an tionscnamh le linn an tsamhraidh agus theacht Féile Ealaíne an Earagail 2007 agus taifeadadh na mac léinn á leiriú go profisiúnta ar DVD.

Leis na scileanna nuafhoghlamtha beidh na mic léinn in ann a sean-nós féin a aimsiú, sean-nós a léiríonn taighde agus taifeadadh a bhí ar bun ag Lillis Ó Laoire ar an oileán anuraidh.

Tá sé deacair an tábhacht atá ag baint leis an leathnú cleachtais, doiciméadacht agus an proiséas ealaíne atá le fáil ag na daoine óga as Toraigh sa togra seo a mhíniú. Chomh maith leis sin, is cleachtas tras-rémse ealaíne atá á úsáid acu agus mar sin ní hamháin go mbeidh siad in ann ealaín leithleach i bhfoirm nua a dhéanamh, ach beidh ciall chomhaimsearatha daoibh féin ann freisin.

Tá Ceardlann na gCroisbhealach dóchasach go dtiocfaidh tús le nasc acmhainní cultúrtha an oileáin de thairbhe an tionscnaimh.

Mar go bhfuil Ealaín na Gaeltachta ag tacú leis an tionscnamh seo tá siad ag tabhairt muinín agus cumhachta do na daoine óga seo agus ag spreagadh suime iontu in eilimintí dá gcultúir dhúchasaigh féin. Chun teacht ar fhoinse tacaíochta do dhéagóirí óga ar oileáin na tíre seo tá sé tábhachtach go dtugann muid faoiseamh d'aon chéadfá aonarachais atá acu ó thaobh an chultúir chomhaimseartha. Beidh 'Sean-Nós Nua' ina chúnamh dearfach ar an bhfadhb seo.





# Taipéis Gael

Seoladh leabhar breá dathúil Mí Eanáir seo caite faoi fhíodóireacht i nGleann Cholm Cille le Meghan Nutall Sayres, le grianghraif le Lar Boland agus é foilsithe ag Cork University Press.

Ócáid bhríomhar a bhí ann do phobail Ghleann Cholm Cille agus do Thaipéis Gael, na healaíontóirí taipéise agus na meantóirí áitiúla go háirithe don triúr a chuir tús leis an tionscadal: an t-ealaíontóir Monica de Bath, fear áitiúl Jimmy Carr agus Liam O Cuinneagáin, bainisteoir Oideas Gael.

Insíonn an taipéis seo scéal faoi dhaoine



ón nGaeltacht ag fí a dtodhchaí ón dúchas. Tugann na grianghraif léargas dúinn ar an ealaíon, ar an gceantar, ar shaol na bhfeirmeoirí caorach agus ar an nasc atá ann idir cruthaitheacht an ealaíontóra agus an timpeallacht agus tá cur síos ar gach ealaíontóir agus ar a c(h)uid oibre sa leabhar.

Thug An Chomhairle Oidhreachta tacaíocht do Atrium, Cló Ollscoile Chorcaí chun an leabhar a fhoilsiú. Is féidir an leabhar seo a fháil nó a ordú ó shiopaí leabhar ar fud na tíre agus thar lear.

Grianghraif le Laurence Boland tógtha ón leabhar *Weaving tapestry in Rural Ireland* Taipéis Gael, Donegal, Meghan Nuttall Sayres. (ISBN 0 - 9535353 -3 - 9)





# An chéad chéim ar an mbóthar




Tá dráma nua **An Chéad Chéim** le Marc Mac Lochlainn, Branar Drámaíochta, ar an mbóthar le cúpla mí anuas ag freastal ar scoileanna Gaeltachta.

Deartha go speisialta do ranganna 4, 5 & 6, tá An Chéad Chéim ag croílár an chláir amharclainne san oideachas.

Bogann Myles agus a mham go dtí teach nua. Tá an-spéis ag Myles san ealaíon agus bíonn sé ag tarraingt pictiúr an t-am ar fad. Anuas ar na fadhbanna eile ar fad a bhaineann le bogadh isteach in áit nua tá Dano. Feiceann muid samhlaíocht Myles ag déanamh neach beo as na rudaí sa seomra.

Pléitear an tábhacht a bhaineann le seasamh suas duit féin agus an gá atá le tuiscint ar dhaoine eile sa dráma spraoiúil seo. Baintear leas as ceol beo agus puipéadóireacht neamhghnách sa léiriú samhailteach agus snasta seo.

I dteannta leis an léiriú, tá Pacáiste Achmainne do Mhúinteoirí bunaithe ar an dráma agus ábhair a éiríonn as. Sa Phacáiste beidh moltaí oibre le déanamh sula dtagann an dráma agus cinn eile le déanamh tar éis an dráma.

Déanfar ceardlann leis na daltaí a bheas ag díriú ar an ealaíon radharcach. Maireann an dráma agus ceardlann beagán le cois uair an chloig.

Tuilleadh eolais maidir leis an dráma agus pacáiste seo ó Bhranar Drámaíochta Teo, Branar @eircom.net 086 8546616

# Tionscadal na gComharsan Ceilteach

Is comhpháirtíocht é Comharsana Ceilteacha a bunaíodh ar na mallaibh idir Ealaín na Gaeltachta, Proiseact Nan Ealan in Albain agus Theatr Felinfach sa Bhreatain Bheag. Faoi cheannródaíocht Voluntary Arts Wales agus le tacaíocht ón Carnegie Rural Commission, tá sé mar aidhm aige na heagraíochtaí ealaíon agus cultúrtha ón nGaeltacht anseo in Éirinn, ó na ceantair in Albain ina labhraítear Gaeilge na hAlban agus ó na pobail a labhraíonn Breatnais sa Bhreatain Bheag a thabhairt le chéile.

Ag eascairt ón gcomhdháil 'Ceangal' a bhí ar siúl i nGaoth Dobhair, Samhain 2006 bunaíodh The Neighbourhood, gréasán cumarsáide le smaointe a mhalartú, agus páirtnéireachtaí a chruthú lenár gComharsana Ceilteacha.

Tuilleadh eolais le fáil ó www.vaw.org.uk nó ó an Áisitheoir Éalaín i do cheantair. Eagrófar an chéad tionól eile Mí Dheireadh Fómhair seo chugainn sa Bhreatain Bheag, i gcomhar le Theatr Felinfach.





## Dlúthdhiosca taifeadtha ag Cór Thaobh a' Leithid

Is as Gaeltacht iar-thuaisceart Thír Chonaill Cór Thaobh a' Leithid agus tá siad ar an bhfód le corradh is cúig bliana. Tá diosca le heisiúnt acu an mhí seo de amhráin ó thraidisiún dúchasach an cheantair le cóiriú nua le Domimnic Mac Giolla Bhríde.

An tAgallamh

**Andrew Duggan, fís-ealaíontóir**

# FÍS NA STAIRE



Is fiú timpeall €40,000 é Comhaltacht Location One a bhíonn á riaradh ag an Institiúid Chultúrtha Ghael-Mheiriceánach ar son na Comhairle Ealaíon. Cuirtear spás stiúideo oibre ar fáil d'ealaíontóir ar feadh deich mí san Ionad Ealaíon, Location One, Nua-Eabhrac. Mar chuid den ghradam, íoctar síntiús $1,500 in aghaidh na míosa leis an ealaíontóir maraon le cúnamh le lóistín. Anuraidh ba ar Andrew Duggan, fís-ealaíontóir atá ag cur faoi sa Daingean le seacht mbliana anuas a bronnadh an gradam. Ba é an moladh a bhí aige ná "taighde a dhéanamh agus obair a chruthú a bheadh bunaithe ar ghné den stair agus den bhéaloideas sa cheantar ina bhfuil Location One suite" agus "modhanna nua a aimsiú chun an taighde seo a chur os comhair an tsaoil".

**Conas a chuaigh an t-am a chaith tú i Nua-Eabhrac i bhfeidhm ar do chleachtas cruthaitheach féin agus ar an obair ealaíne a dhein tú dá bharr?**
Chuir duine éigin an tréimhse chónaitheach i Nua-Eabhrac i gcomparáid le "stepping on the Bullet train" maidir leis an bhforbairt ar a chuid oibre agus ar a ghairm. An rud is deise faoin tréimhse chónaitheach ná go dtuigeann Location One an nádúr a bhaineann le cleachtas an ealaíontóra, rud a gcuirtear béim air, seachas a bheith ag súil leis an saothar ealaíne féin a bheith curtha i gcrích. Tríd an tréimhse fuaireas deis mé féin a chur i láthair lucht féachana nua agus forbairt as an nua a dhéanamh ar mo chuid oibre. Bhíos inniúil ar an obair a léiriú sna spásanna gailearaí agus ar shráideanna Nua-Eabhrac. Lasmuigh de Location One, bhí taispeántas agam ag Aonach Ealaíon SCOPE (Iúil '06) agus ag Togra Peekskill (Meán Fomhair-Deireadh Fómhair '06) agus táim i mbun cainteanna le roinnt gailearaithe maidir le hobair a thaispeáint i mbliana.

**Ar tháinig athrú ar do mheon i leith earnáil na n-ealaíon in Éirinn de thoradh na taithí seo?**
Tá an earnáil in Éirinn an-difriúil le Nua-Eabhrac. Stair éagsúil sa dá áit, infheistíocht caipitil agus suim. Tá an earnáil in Éirinn óg agus ag forbairt. Tá athrú ag teacht ar chleachtas an



ealaíontóra agus ar an áit ina bhfuilid á lonnú féin, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus tá seo ag tiomáint an pholasaí i leith na n-ealaíon. Tá bearna mar sin féin idir an cleachtas ealaíon agus an pobal féin. Tá ról lárnach ag na meáin chun an bhearna seo a líonadh, chun idirbheartaíocht a dhéanamh idir an dá thaobh.

**Seachas na mórdhifríochtaí idir an tuath agus an chathair idir Nua-Eabhrac agus an Daingean, cad iad na difríochtaí cultúrtha ba mhó dar leat?**
Bhí níos mó comparáidí ná mar a shílfeá. Áit 'áitiúil' é NYC, tá mórán daoine a mhaireann, a oibríonn agus a dhéanann a gcuid siopadóireachta i ngiorracht cúpla bloc. Sea, tá an-chuid daoine, tá sé glórmhar




agus mar sin de ach tá an chomharsanacht agus an comhphobal le brath go láidir ann. Éist le "New York Conversation" de chuid Lou Reed agus ba dhóigh leat gurb é an Ghaeltacht atá i gceist.

**Cad iad na difríochtaí cultúrtha ba mhó a chuaigh i bhfeidhm ar do chuid oibre?**
Ba é an lucht féachana an fachtóir ba mhó. Mar a fhéachann siad ar an obair agus mar a mbaineann siad leis. An bhaint atá agam féin leis an spás taispeántais .i. cad a chuirim ann agus mar a fhéachtar ina leith sin. Táim ag obair faoi láthair le spás gailearaí i gcathair Nua-Eabhrac agus le spás in Éirinn chun an cluiche liathróid láimhe a chur i gcomhthéacs an ghailearaí agus le hiniúchadh a dhéanamh ar an aistriú seo.







# *Ag Scaipeadh an Scéil*

Gach glúin, cailleann muid scéal anseo nó seanfhocal ansiúd, eolas faoi mhodhanna cócaireachta, leighis, nósanna eágsúla &rl. Sna laethanta seo díríonn muid ar an óige agus go minic déantar dearmad go bhfuil rudaí suimiúla le rá ag an aosach.

Faoi lán seoil, tá an togra 'Scaip an Scéal' in Ionad Árus Mhic Dara, faoi theoir beirt ealaíontóirí, Ceara Ní Conbhaigh agus Aoife Casby, i dteannta le mná an ionaid. Is é ceann de na haidhmeanna is láidre atá ag baint leis an togra seo ná eolas, smaointe agus nuacht an dreama aosta a scaipeadh i measc an phobail i bhfoirm páipéir nuachta.

Tá struchtúr an togra deartha i gcéimeanna difriúla le ceardlanna a ritheann gach seachtain. I rith na gceardlann d'fhoghlaim an grúpa scileanna, conas eolas a bhailiú agus é a chur amach i mbealaí suimiúla, scileanna ilmhéain, mar shampla, ag úsaid ceamara digiteach agus ríomhairí, clostrealamh, eolas ar scileanna priondála, na dearc-ealaíona agus eolas ar fhoilseachán agus ar bhailiú nuachta. Amach anseo beidh siad ag tabhairt cuairte ar dhráma agus ar thaispeántas ealaíne i nGaillimh chun léirmheas a thabhairt dúinn, agus tá an páipéar Foinse ag comhoibriú leo.

Faoi láthair tá tacaíocht iomlán faighte acu ó Ealaín na Gaeltachta an togra seo a rith ar feadh ceithre mhí. Leis an tacaíocht seo, tá deis acu áiseanna ar ardchaighdeán a úsáid, ábhar maith a cheannach agus obair a thabhairt do bheirt ealaíontóirí áitiúla.

Beidh na foilseacháin seo le feiceáil amach anseo i leabharlann na Ceathrún Rua agus in ionaid éagsúla i gConamara.

# imeachtaí

**LEITIR CEANAINN**

**Oireachtas na Cásca &**
**An Fhéile Pan Cheilteach**

– le chéile ag cothú muintearais

Tá dhá athrú suntasach á ndéanamh i mbliana ar an gcéad fhéile – an fhéile a tugadh Oireachtas na Bealtaine uirthi go dtí seo. Is Oireachtas na Cásca a bheidh ann as seo amach mar go mbeidh an fhéile ar siúl le linn sheachtain na Cásca, ó 12–15 Aibreán 2007. Is é an dara hathrú mór atá i gceist ná go bhfuil teacht le chéile idir Féile an Oireachtais agus an Fhéile Pan Cheilteach – beidh an dá fheile ar siúl ag an am céanna, i Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall.

**MUMHAN**

**Ionad Cultúrtha Baile Bhuirne**

Coirmcheoil Music Network Dé hAoine, 11 Bealtaine. Maeve Donnelly (fidil), Ronan Browne (píobaí), Peadar O'Loughlin (fidil, fliút agus feadóg stáin) agus Seán Corcoran (guth).

**Aonach Ceoil Bhaile Bhuirne**, Aoine 25 Bealtaine: Seán Garvey le Mary Staunton & Alec Finn (Aoine).

**Taispeántais Ealaíne**

**Márta-Aibreán: Carin Mac Cana**

**Bealtaine-Meitheamh:** Tacaois (Art for Older People). Tuilleadh eolais maidir le himeachtaí uile Ionad Cultúrtha Bhaile Bhuirne ó www.ionadculturtha.ie



**Michelle Nic Pháidín ag ceol ag an Fhéile Phan Cheilteach**

# imeachtaí (ar lean)

**Imeachtaí Tech Amergin** - Ionad nua ealaíne sa Choireán in Uíbh Ráthach Coirmcheoil le hIvan Ilic ar an bpianó. 8.00 pm Dé Domhnaigh, 20 Bealtaine. Is Meiriceánach de bhunadh Seirbeach é Ivan atá lonnaithe i bPáras, áit a bhfuil sé ina bhall den Conservatoire Superieur de Paris. Tá an séisiún seo mar chuid de thuras náisiúnta a bheidh ar súil ag Ivan. Féach: www.IvanCDG.com

**Coirmcheoil** le Paul Brock (Melodeon) & Enda Scahill (Banjo/Mandolin). Beidh an ceoltóir óg, Ryan Molloy atá lonnaithe i dTír Eoghain ag seinnt ina dteannta (pianó agus fidil), Dé Sathairn, 28 Aibreán, 8.30pm.

**Féile na Gréine**
Féile ealaíne ilghnéitheach a bheidh ar súil in Uíbh Rathach le linn ghrianstad an tsamhraidh; ceol, amhránaíocht, filíocht, rince, carnabhal sráide, ceardlanna agus ealaíon físe ar théama na gréine. Páirteach ann beidh Ishbel McAskill, an t-amhránaí clúiteach ó Albain, Nuala Ní Dhomhnaill, file agus an veidhleadóir Máire Breathnach, Tim Dennehy, Theo Dorgan & Paula Meehan, 21-23 Meitheamh. Tuilleadh eolais: Fíona de Buis 0669478956 nó techamergin@eircom.net

**Féile na Bealtaine**
An Daingean Co. Chiarraí 1-7 Bealtaine. Tuilleadh eolais: 066 9151082 fnabdaingean@eircom.n-et Féile na Cásca 2007

**Féile na Cásca** i gCorca Dhuibhne, An Máimín, Baile an Fheirtéaraigh - Domhnach Cásca 8 Aibreán-Domhnach 15 Aibreán. Taispeántas ealaíne. Beidh pictiúir, dealbhóireacht agus grianghraif ar taispeáint le healaíontóiri ar nós Maria Simonds-Gooding, Liam Ó Néill, Adrienne Heslin, Íde Uí Uigínn, Carol Cronin, Brian Ó Baoill, Abigail Joffe, Julie Beckett, Diane Lavery, Liam Holden, Frances Boland – agus fiche éigin duine eile.

Beidh saothair ó dhaltaí scoile Chorca Dhuibhne ar taispeáint leis le linn Féile na Cásca. Le tacaíocht Ealaín na Gaeltachta tá triúr ealaíontóirí ag obair le daltaí agus múinteoirí bunscoile Chorca Dhuibhne chuige seo. Is iad



**Beidh an file Nuala Ní Dhomhnaill páirteach i bhFéile na Gréine in Uíbh Ráthach, Co Chiarraí.**

Kate Buckley, Domhnall Ó Bric agus Andrew Duggan na triúr ealaíontóirí. Tá gach gné de thraidisiún Lá an Dreoilín á chíoradh acu – idir cheol, fheistis, scéalta & nósanna. Beidh toradh na hoibre le feiscint um Cháisc agus beidh lá seanchais, ina ndéanfaidh gach scoil cur i láthair, ar an Mháirt 17 Aibreán.
Eolas Breise: Máire Uí Shithigh
Oidhreacht Chorca Dhuibhne, Baile an Fheirtéaraigh Trá Lí 066 9156100

**Féile Cheoil Idirnáisiúnta Aireagail**: 10-16 Meán Fómhair. Tuilleadh eolais: www. cmrl.ie

**GAILLIMH**
**Féile Phléaráca 3-7 Bealtaine**
Beidh Féile Pléaráca á reachtáil as seo amach ag tús an tsamhraidh seachas Mí Mheán Fómhair mar a bhíodh go dtí seo agus is i gceantar nó i bpobal amháin a bheidh an fhéile

á reáchtáil níos mó agus beidh féile na bliana seo a reachtáil in Inis Mór, Árainn.

**Féile Joe Éinniú** Carna, Conamara. Ceardlanna ceoil, damhsa ar an sean-nós, léachtaí, comórtais, tionól amhránaíochta agus go leor eile. 4-6 Bealtaine.
Tuilleadh eolais: 095/33599

**Féile Ealaíne Iorrais** Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo. 27 Iúil-4 Lúnasa.
Teil: 097-81952; Fax: 097-81665; ríomhphost: www.feileiorras.org

**Féile Fuint Focal**
Deireadh Seachtaine Litríochta do Dhéagóirí
Tá an Fhéile Litríochta do dhéagóirí, Fuint Focal, á reáchtáil arís i mbliana ag Pléaráca Teo, 17-19 Bealtaine ar an gCeathrú Rua. Scríbhneoirí cumasacha, tráth na gCeist, dioscó le Club gan Ainm na Ceathrún Rua, Oíche Mhór Siamsaíochta, spraoi agus go leor eile. Faigheann an fhéile seo tacaíocht ó Ealaín na Gaeltachta faoi Scéim na bPríomhréimsí,, agus ón gCómhairle Ealaíon

**Féile Chaomhán:** Féile Damhsa Cheiltigh as Éirinn, Albain agus as an mBriotáin. Inis Oírr, Árainn, 11-13 Bealtaine

**Ealaín ar Oileán** Inis Oírr. Páirteach i mbliana beidh Cliodhna Cussen, Seán Mac Mathúna, Liam Mac Cóil, Diarmuid de Faoite, Ríonach Ní Néill, Rachel Holstead agus go leor eile. 25-27 Bealtaine.

**Féile Litríochta Iorrais** a dhéanann ceiliúradh agus comóradh ar scríbhneoirí agus ar cheoltóirí Iorrais agus ar an nasc idir J.M. Synge agus an tIarthar. Lúnasa. www.errisliteraryfestival.com

**TÍR CHONAILL**
**Féile Ealaíne an Earagail** 9-22 Iúil www.earagailartsfestival.ie
Féile Scannán Muirí Oileán Thoraigh ón Déardaoin 5 – Luan 9 Iúil. www.toryfilmfestival.com/airinti
Guth Gafa: Féile Scannán Faisnéise, An Fál Carrach, Co. Dhún na nGall, Bealtaine. www.guthgafa.com

## *Amhránaí Sean-Nóis cónaitheach ceapaithe*



Tá sé fógartha ag Ionad an Léinn Éireannaigh, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, go bhfuil Micheál Ó Cuaig, as Aill na Brún i leathpharóiste Chill Chiaráin, ceaptha mar Amhránaí Sean-Nóis Cónaitheach as seo go ceann bliana. Chomh maith le taifeadadh a dhéanamh ar a stór féin amhrán agus saothar a bhailiú ó amhránaithe eile, beidh ceardlanna agus seisiúin amhránaíochta á reachtáil ag Micheál san Ollscoil féin agus in áiteanna éagsúla ar fud Chonamara as seo go ceann bliana. Beidh an tsraith cheardlann in Ionad an Léinn Éireannaigh ag tosú ag 7.00in Dé Máirt 13 Feabhra.

Tuilleadh eolais: Samantha Williams,
Ionad an Léinn Éireannaigh, OÉ Gaillimh.
Guthán: 091 49 2051.

Ríomhphost: samantha.williams@nuigalway.ie

## Ceardlann scripte i gConamara

Tá an oiread sin fostaíochta cruthaithe ag earnáil na cumarsáide le roinnt blianta anuas, agus dá bharr seo, tá suim nach beag ag óige cheantar Chonamara san earnáil. Shocraigh Pléaráca Teo an deis a thabhairt do dhéagóirí Choláiste Cholmcille agus Scoil Chuimsitheach Chiaráin freastal ar cheardlanna scriptscríbhneoireachta.

Cuireadh tús leis na ceardlanna i mí an Mhárta agus is é Niall Mac Eamharcaigh (aisteoir agus scríbhneoir) atá ina mbun. Beidh script 15-20 nóiméad ullmhaithe acu tar éis 10 gceardlann. Seolfar an script ag Féile Litríochta, Fuint Focal.

Déanfar taifead ar an script ag tús mhí an Mheithimh, díreach ag tús na laethanta saoire.

EALAÍN NA GAELTACHTA TEORANTA
FORBAIRT NA nEALAÍON DÚCHASACHA AGUS COMHAIMSEARTHA

Áisitheoirí Ealaín na Gaeltachta

**Connachta & Co. na Mí:**
Muireann Ní Dhroighneáin
(091) 503220
m.nidhroighneain@udaras.ie

**Mumhan:**
Eibhlín de Paor
(066) 9150100/ (026) 45366
e.depaor@udaras.ie

**Tír Chonaill:**
Máire Hearty
(066) 9150100/ (026) 45366
m.hearty@udaras.ie

**Feidhmeannach Forbartha:**
Mícheál Ó Fearraigh
(074) 9560100 m.fearraigh@udaras.ie

Coinnigí súil amach do ríomh-litir míosúil Ealaín na Gaeltachta maidir le nuacht, deiseanna, maoiniú, agus imeachtaí ealaíne náisiúnta agus idirnáisiúnta.
Ná dearmadaigí teagmháil a dhéanamh linn ag **ealain@udaras.ie** má tá aon bhlúirín eolais agaibh ar mhaith libh a fhógairt nó má tá aon chomhairle uaibh maidir le tionscnamh ealaíne a fhorbairt sa Ghaeltacht.

Tuilleadh eolais ar fáil ó **www.ealain.ie**
nó ó na hÁisitheoirí Ealaíne.